BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Deichiú Dlísheomra Méadaithe)

22 Eanáir 2025 *

(Aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Aontas baincéireachta – Sásra Réitigh Aonair le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (SRA) – Ciste Réitigh Aonair (CRA) – Cinneadh ó BRA maidir le ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 – Airteagail 12 agus 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 – An coincheap 'athrú ar stádas' – Scéim cosanta institiúideach – Pléadáil neamhdhleathachta)

I gCás T-498/19,

Banco Cooperativo Español, SA, a bunaíodh i Maidrid (an Spáinn), dá ndéanann D. Sarmiento Ramírez-Escudero agus J. Beltrán de Lubiano Sáez de Urabain, Dlíodóirí, ionadaíocht,

iarratasóir,

v

An Bord Réitigh Aonair (BRA), dá ndéanann M. Rius Riu agus C. De Falco, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó B. Meyring, F. B. Fernández de Trocóniz Robles, T. Klupsch agus S. Ianc, Dlíodóirí, ionadaíocht,

cosantóir,

le tacaíocht ó

An Coimisiún Eorpach, dá ndéanann A. Steiblytė, P. Němečková agus D. Triantafyllou, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

idiragraí,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Deichiú Dlísheomra Méadaithe),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Kornezov, Uachtarán, E. Buttigieg, G. Hesse, D. Petrlík (Rapóirtéir) agus L. Spangsberg Grønfeldt, Breithiúna,

Cláraitheoir: S. Jund, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht an 9 Iúil 2024,

* Teanga an cháis: an Spáinnis.

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Banco Cooperativo Español, SA, go gcuirfí Cinneadh SRB/ES/2022/47 ón mBord Réitigh Aonair (BRA) an 8 Lúnasa 2022 lena dtarraingítear siar Cinneadh SRB/ES/SRF/2019/10 ó BRA an 16 Aibreán 2019 a bhaineann le ranníocaíochtaí *ex ante* 2019 leis an gCiste Réitigh Aonair (CRA) ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé leis na hinstitiúidí a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis agus le ríomh ranníocaíochtaí *ex ante* 2019 na n-institiúidí sin le CRA ('an cinneadh atá faoi chonspóid'), a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir.

Cúlra na díospóide agus imeachtaí tar éis thionscnamh na caingne

2 Is institiúid creidmheasa atá bunaithe sa Spáinn é an t-iarratasóir. Is ball é de scéim cosanta institiúideach ('SCI') de Banco Cooperativo SPI, a d'údaraigh Banco de España (Banc na Spáinne, an Spáinn) i mí an Mhárta 2018 i gcomhréir le hAirteagal 113(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO 2013 L 176, lch. 1).

3 Le Cinneadh SRB/ES/SRF/2019/10 an 16 Aibreán 2019 maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* do thréimhse 2019 le CRA a ríomh ('an cinneadh tosaigh'), shocraigh BRA, i gcomhréir le hAirteagal 70(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1), na ranníocaíochtaí *ex ante* le CRA ('na ranníocaíochtaí *ex ante*'), don bhliain 2019 ('tréimhse ranníocaíochta 2019'), de chuid na n-institiúidí a chumhdaítear le forálacha comhcheangailte Airteagal 2 agus Airteagal 67(4) den Rialachán sin ('na hinstitiúidí'), lena n-áirítear an t-iarratasóir.

4 Le fógra measúnaithe an 29 Aibreán 2019, d'ordaigh an Fondo de Reestructuración Ordenada Bancaria (FROB, Ciste um Athstruchtúrú Ordúil Banc, an Spáinn), ina cháil mar údarás réitigh náisiúnta de réir bhrí Airteagal 3(1)(3) de Rialachán Uimh. 806/2014, don iarratasóir méid a ranníocaíochta *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019, arna socrú ag BRA, a íoc.

5 An 8 Lúnasa 2022, ghlac BRA leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, lena ndearnadh an cinneadh tosaigh a tharraingt siar agus a ionadú. De réir aithrisí 15 go 18 den chinneadh atá faoi chonspóid, bhí sé mar chuspóir an chinnidh sin go réiteofaí an mainneachtain cúiseanna a thabhairt leis an gcinneadh tosaigh a chinn BRA tar éis bhreithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *Landesbank Baden-Württemberg agus BRA* (C-584/20 P agus C-621/20 P, EU:C:2021:601), agus na n-orduithe an 3 Márta 2022, *BRA* v *Portigon agus an Coimisiún* (C-664/20 P, nár foilsíodh, EU:C:2022:161), agus an 3 Márta 2022, *BRA* v *Hypo Vorarlberg Bank* (C-663/20 P, nár foilsíodh, EU:C:2022:162).

6 An 19 Meán Fómhair 2022, fuair an t-iarratasóir fógra faoin gcinneadh atá faoi chonspóid.

7 Easaontaíonn an t-iarratasóir agus BRA maidir leis na gnéithe ar cheart a úsáid chun ranníocaíocht *ex ante* an iarratasóra do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh. Go háirithe, measann an t-iarratasóir gur cheart do BRA a rannpháirtíocht in SCI in 2018 a chur san áireamh, rud nár chuir sé san áireamh.

An cinneadh atá faoi chonspóid

8 Tá an cinneadh atá faoi chonspóid comhdhéanta do chorp a bhfuil, a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir, ceithre iarscríbhinn ag gabháil leis.

9 Leagtar amach i gcorp an chinnidh atá faoi chonspóid an próiseas chun na ranníocaíochtaí *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a shocrú, a bhfuil feidhm aige maidir leis na hinstitiúidí uile.

10 Go sonrach, i Roinn 6 den chinneadh atá faoi chonspóid, shocraigh BRA an spriocleibhéal bliantúil, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/81 ón gComhairle an 19 Nollaig 2014 lena leagtar síos coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán Uimh. 806/2014 i ndáil le ranníocaíochtaí *ex ante* le CRA (IO 2015 L 15, lch. 1), do thréimhse ranníocaíochta 2019 (‘an spriocleibhéal bliantúil’).

11 Ina theannta sin, mhínigh BRA gur socraíodh an spriocleibhéal bliantúil ag aon ochtú de 1.15 % de mhéid thaiscí cumhdaithe na n-institiúidí uile in 2018, mar a fuarthas ó shonraí arna soláthar ag scéimeanna ráthaithe taiscí i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* le socruithe um maoiniú réitigh (IO 2015 L 11, lch. 44).

12 I Roinn 7 den chinneadh atá faoi chonspóid, thug BRA tuairisc ar an modh chun na ranníocaíochtaí *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh.

13 I Roinn 7 den chinneadh atá faoi chonspóid, mhínigh BRA chomh maith nach mór d’institiúidí, seachas iad siúd a íocann ranníocaíocht ar ráta comhréidh i bhfianaise a saintréithe ar leith, ranníocaíocht *ex ante* a íoc, arna coigeartú de réir a bpróifíl riosca, a socraíodh de réir na bpríomhchéimeanna a leagtar amach thíos.

14 Sa chéad chéim, rinne BRA, i gcomhréir leis an dara fomhír d’Airteagal 70(2)(a) de Rialachán Uimh. 806/2014, ranníocaíocht bhunúsach bhliantúil gach institiúide, atá comhréireach le méid dhliteanais na hinstitiúide lena mbaineann, a ríomh, cé is moite de chistí dlínse agus taiscí cumhdaithe (‘an glandliteanas’), i leith glandliteanais na n-institiúidí údaraithe uile i gcríocha na mBallstát uile atá rannpháirteach sa Sásra Réitigh Aonair (SRA). I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, bhain BRA cineálacha áirithe dliteanas as ghlandliteanas na hinstitiúide atá le cur san áireamh chun an ranníocaíocht sin a shocrú.

15 Sa dara céim de ríomh na ranníocaíochta *ex ante*, rinne BRA an ranníocaíocht bhunúsach bhliantúil a choigeartú de réir próifíl riosca na hinstitiúide lena mbaineann, i gcomhréir leis an dara fomhír d’Airteagal 70(2)(b) de Rialachán Uimh. 806/2014.

16 Ar deireadh, ríomh BRA ranníocaíocht *ex ante* gach institiúide tríd an spriocleibhéal bliantúil a dháileadh i measc na n-institiúidí uile ar bhonn cóimheasa bunaithe ar an ranníocaíocht bhunúsach bhliantúil arna coigeartú de réir na próifíle riosca.

An t-ordú atá á lorg

17 Maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, sa leagan deiridh dá barúlacha, gur cheart don Chúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé leis;

– a ordú do BRA na costais a íoc.

18 Iarrann BRA ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

19 Iarrann an Coimisiún Eorpach ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

An dlí

20 Leis an iarratas tionscanta imeachtaí, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, sárú ar Airteagail 12 agus 14 de Rialachán Tarmligthe 2015/63, sa mhéid nár chuir BRA a rannpháirtíocht in SCI san áireamh chun an ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh agus, ar an dara dul síos, mar mhalairt ar sin, pléadáil neamhdhleathachta i leith Airteagail 12 agus 14 de Rialachán Tarmligthe 2015/63 mar gheall ar shárú ar Airteagal 103(2) agus (7) de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, chomh maith le Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).

21 Leis an ráiteas lena leasaítear an t-iarratas, a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 20 Meán Fómhair 2022 faoi Airteagal 86 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, sonraíonn an t-iarratasóir go seasann sé leis na hargóintí uile a leagtar amach ina iarratas tionscanta imeachtaí, agus é á shonrú ag an am céanna, tar éis an cinneadh tosaigh a tharraingt siar agus a ionadú leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, nach mór an t-ordú atá á lorg a thuiscint mar thagairt don chinneadh atá faoi chonspóid.

22 Is iomchuí scrúdú a dhéanamh, ar an dara saincheist dlí ar dtús, lena n-áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil Airteagail 12 agus 14 de Rialachán Tarmligthe 2015/63 neamhdhleathach, agus ansin ar an gcéad saincheist dlí maidir le dlíthiúlacht an chinnidh atá faoi chonspóid.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear pléadáil neamhdhleathachta a ardaíodh i gcoinne Airteagail 12 agus 14 de Rialachán Tarmligthe 2015/63

Inghlacthacht

23 Maíonn BRA go bhfuil an dara saincheist dlí do-ghlactha mar gheall ar easpa beachtais, sa mhéid nár shonraigh an t-iarratasóir na forálacha d'Airteagail 12 agus 14 de Rialachán Tarmligthe 2015/63 ar cheart a dhearbhú nach bhfuil siad infheidhme ar an bhforas go sáraítear Airteagal 103(2) agus (7) de Threoir 2014/59. Thairis sin, níl dlíthiúlacht Airteagal 12 den Rialachán Tarmligthe sin ábhartha sa chás seo, ós rud é nach bhfuil feidhm ag an bhforáil sin.

24 Measann an t-iarratasóir go bhfuil an dara saincheist dlí inghlactha.

25 I ndáil leis sin, is léir ón gcásdlí, d'fhonn caingean a bheith inghlactha, gur gá na bunsonraí fíorasacha agus dlíthiúla ar a bhfuiltear ag brath orthu, i bhfoirm achomair ar a laghad, go comhleanúnach agus go hintuigthe i dtéacs iarratais féin, d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil agus riaradh cuí an cheartais a áirithiú. Mar an gcéanna leis sin, de réir an chásdlí, ní mór a mheas go bhfuil gach saincheist dlí nach bhfuil curtha in iúl go leordhóthanach san iarratas tionscanta imeachtaí do-ghlactha (féach breithiúnas an 7 Iúil 2021, *Bateni* v *an Chomhairle*, T-455/17, EU:T:2021:411, mír 135 agus an cásdlí dá dtagraítear; féach freisin, chuige sin, breithiúnas an 30 Meitheamh 2021, *an Iodáil* v *an Coimisiún*, T-265/19, nár foilsíodh, EU:T:2021:392, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Maidir le heaspa soiléireachta an dara saincheist dlí arna líomhain ag BRA, ba cheart a thabhairt faoi deara, san iarratas, go sonraíonn an t-iarratasóir nach ardaíodh pléadáil neamhdhleathachta i leith Airteagail 12 agus 14 de Rialachán Tarmligthe 2015/63 ach amháin sa chás a léiríonn an Chúirt Ghinearálta, agus an chéad saincheist dlí á scrúdú aici, na hAirteagail sin sa chaoi nach gceadaítear a rannpháirtíocht in SCI in 2018 a chur san áireamh chun a ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh.

27 Leis an gcéad saincheist dlí, ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir nach mór Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 a léiriú sa chaoi go gceadaítear a rannpháirtíocht in SCI in 2018 a chur san áireamh chun a ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh. Ar an dara dul síos, áitíonn sí nach gcuireann an dáta tagartha chun faisnéis a sholáthar chun na ranníocaíochtaí *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh, a shocraítear an 31 Nollaig 2017 le hAirteagal 14(1) den Rialachán Tarmligthe sin, cosc ar BRA a rannpháirtíocht in SCI in 2018 a chur san áireamh don tréimhse sin.

28 Dá bhrí sin, is léir ó léamh foriomlán an iarratais gur ardaigh an t-iarratasóir pléadáil neamhdhleathachta i gcoinne Airteagal 12(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63. Ina theannta sin, le linn na héisteachta, dheimhnigh an t-iarratasóir freisin, leis an dara saincheist dlí, gur iarradh neamhdhleathacht na bhforálacha sin a dhearbhú.

29 Maidir le dara hargóint BRA, nach bhfuil dlíthiúlacht Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe 2015/63 ábhartha sa chás seo, ba cheart a mheabhrú nach bhfuil pléadáil neamhdhleathachta, a ardaíodh go teagmhasach faoi Airteagal 277 CFAE agus agóid á dhéanamh i gcoinne dlíthiúlacht gnímh tríú páirtí sna príomhimeachtaí, inghlactha ach amháin i gcás ina bhfuil nasc idir an gníomh sin agus an fhoráil a líomhnaítear a bhfuil neamhdhleathach (breithiúnais an

30 Aibreán 2019, *Wattiau* v *an Pharlaimint*, T-737/17, EU:T:2019:273, mír 56, agus an 16 Meitheamh 2021, *Krajowa Izba Gospodarcza Chłodnictwa i Klimatyzacji* v *an Coimisiún*, T-126/19, EU:T:2021:360, mír 33).

30 Mar sin féin, ní mór Airteagal 277 CFAE a léiriú go leordhóthanach leathan chun gur féidir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na ngníomhartha a bhfuil feidhm ghinearálta leo arna nglacadh ag na hinstitiúidí i bhfabhar daoine atá eisiata ó ghníomhaíochtaí díreacha i gcoinne gníomhartha den sórt sin. Dá bhrí sin, ní mór raon feidhme Airteagal 277 CFAE a leathnú chuig gníomhartha na n-institiúidí a bhí ábhartha maidir le glacadh an chinnidh is ábhar don chaingean le haghaidh neamhniú, sa chiall go bhfuil an cinneadh sin bunaithe go bunúsach ar na gníomhartha sin, fiú muna bhfuil siad ina mbunús dlí go foirmiúil. Thairis sin, d'fhonn pléadáil neamhdhleathachta a scrúdú, ní féidir na rialacha a bhaineann le córas aonair amháin a dheighilt go saorga (féach breithiúnas an 16 Meitheamh 2021, *Krajowa Izba Gospodarcza Chłodnictwa i Klimatyzacji* v *an Coimisiún*, Cás T-126/19, EU:T:2021:360, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Sa chás seo, maíonn an t-iarratasóir gur cheart do BRA a rannpháirtíocht in SCI in 2018 a chur san áireamh chun a ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh ar bhonn Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, a dhiúltaigh BRA ar bhonn na forála céanna sin, ós rud é go ndearna sé léiriú uirthi ar bhealach éagsúil.

32 Leis an bpléadáil neamhdhleathachta a ardaíodh, áitíonn an t-iarratasóir, má tá léiriú BRA ar Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 sa chinneadh atá faoi chonspóid ceart, go bhfuil an fhoráil sin neamhdhleathach ansin ar an bhforas go sáraítear Airteagal 103(2) agus (7) de Threoir 2014/59, ós rud é go gceanglaítear leis na forálacha sin ar an gCoimisiún a áirithiú, agus an Rialachán Tarmligthe sin á ghlacadh aige, go bhfuil na ranníocaíochtaí bunúsacha bliantúla oiriúnaithe, de réir mar is iomchuí, do phróifíl riosca na n-institiúidí agus go gcuirtear rannpháirtíocht institiúide in SCI san áireamh agus an coigeartú sin á dhéanamh.

33 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go bhfuil nasc idir an cinneadh atá faoi chonspóid agus Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63.

34 Is amhlaidh gur mó é sin ós rud é gurb ionann argóint BRA, a leagtar amach i mír 29 den bhreithiúnas seo, agus rialacha an chórais chun ranníocaíochtaí *ex ante* a ríomh arna bhunú le Rialachán Tarmligthe 2015/63 a dheighilt go saorga, dá leanfaí é, agus a éifeachtacht a bhaint d'Airteagal 277 CFAE.

35 Dá bhrí sin, ní mór diúltú do na pléadálacha maidir le hinghlacthacht a d'ardaigh BRA i gcoinne an dara saincheist dlí.

Substaint an cháis

36 Leis an dara saincheist dlí, áitíonn an t-iarratasóir, i gcás nach mór Airteagal 12(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 a léiriú sa chaoi nach féidir a rannpháirtíocht in SCI in 2018 a chur san áireamh chun a ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh, go bhfuil na forálacha sin ar neamhréir le hAirteagal 103(2) agus (7) de Threoir 2014/59.

37 Ós rud é nár ardaigh an t-iarratasóir an phléadáil neamhdhleathachta sin ach amháin sa chás dá dtagraítear i mír 36 den bhreithiúnas seo, is gá scrúdú a dhéanamh, sa chéad áit, an gceadaítear le hAirteagal 12(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 do BRA rannpháirtíocht

institiúide in SCI in 2018 a chur san áireamh chun a ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh. Murab amhlaidh an cás, ní mór a mheas, sa dara háit, an gcomhlíonann na forálacha sin Airteagal 103(2) agus (7) de Threoir 2014/59.

– *Maidir le raon feidhme Airteagal 12(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63*

38 Foráiltear le hAirteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 'ní dhéanfaidh athrú ar stádas institiúide, lena n-áirítear institiúid bheag, le linn na tréimhse ranníocaíochta difear don ranníocaíocht bhliantúil atá dlite don bhliain sin'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

39 Foráiltear le hAirteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, 'cuirfidh institiúidí na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh is déanaí ar fáil don údarás réitigh faoin 31 Nollaig den bhliain roimh an tréimhse ranníocaíochta, in éineacht le tuairim an iniúchóra reachtúil nó an ghnólachta iniúchóireachta'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

40 Maíonn an t-iarratasóir nach mór Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 a léiriú sa chaoi gurb ionann rannpháirtíocht institiúide in SCI agus athrú ar stádas de réir bhrí na forála sin agus nach mór athrú den sórt sin a chur san áireamh le linn na tréimhse ranníocaíochta tar éis na tréimhse inar tharla an t-athrú sin, eadhon an tráth gur tháinig an institiúid sin isteach in SCI. Dá réir sin, a mhéid a thosaigh an t-iarratasóir ar pháirt a ghlacadh in SCI in 2018, ba cheart do BRA an mhéid sin a chur san áireamh chun a ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh.

41 Thairis sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn BRA, ní chuirtear cosc air le hAirteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 rannpháirtíocht institiúide in SCI in 2018 a chur san áireamh chun a ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh, fiú mura raibh éifeacht leis an rannpháirtíocht sin an 31 Nollaig 2017. In aon chás, ní féidir an fhoráil sin a úsáid chun comhlíonadh an cheanglais a leagtar síos in Airteagal 103(2) agus (7) de Threoir 2014/59 a chur i mbaol, eadhon na ranníocaíochtaí *ex ante* le próifíl riosca institiúidí a oiriúnú, go háirithe maidir lena rannpháirtíocht in SCI.

42 Déanann BRA agus an Coimisiún agóid i gcoinne na hargóinte sin.

43 Foráiltear le hAirteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 go ndéanfaidh BRA ranníocaíocht *ex ante* gach institiúide a ríomh ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an institiúid sin i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán Tarmligthe sin.

44 Ar an gcéad dul síos, sonraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 nach mór d'institiúidí na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh is déanaí a chur ar fáil do BRA faoin 31 Nollaig den bhliain roimh an tréimhse ranníocaíochta ('bliain N-1'). Ní mór tuairim an iniúchóra reachtúil nó an ghnólachta iniúchóireachta a bheith in éineacht leis na ráitis airgeadais sin.

45 Ba cheart a thabhairt faoi deara, i bhfianaise fhad thabhairt chun críche na ráiteas airgeadais sin, go mbaineann an fhaisnéis ar a bonn a dhéanann BRA ranníocaíocht *ex ante* gach institiúide a ríomh, go ginearálta, leis an mbliain leathdheireanach roimh an tréimhse ranníocaíochta nó, in imthosca eisceachtúla, le tréimhse chuntasaíochta a thosaigh le linn na bliana leathdheireaí sin agus a cuireadh deireadh léi le linn bhliain N-1 (an dá tréimhse sin i dteannta a chéile, 'an bhliain tagartha N-2').

46 Ina dhiaidh sin, is léir ó Airteagal 14(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 nach mór d'institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin a chur ar fáil do BRA ar a laghad, lena n-áirítear dliteanais arna gcruthú ag institiúid atá ina ball de SCI, a eisiatar ó ríomh ranníocaíochtaí *ex ante* de bhun Airteagal 5(1)(b) den Rialachán Tarmligthe sin.

47 Ar deireadh, foráiltear le hAirteagal 14(3) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 go gcuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, a thagann faoi raon feidhme na gceanglas tuairiscithe maoirseachta, ar fáil do BRA mar a thuairiscigh an institiúid lena mbaineann ina tuarascáil mhaoirseachta ábhartha is déanaí a chuir sí faoi bhráid an údaráis inniúil maidir le bliain tagartha na ráiteas airgeadais bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 14(1) den Rialachán Tarmligthe sin.

48 Dá bhrí sin, is léir ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 4(1) agus Airteagal 14(1) go (3) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 gur faoi BRA atá sé na ranníocaíochtaí *ex ante* a ríomh ar bhonn na faisnéise a bhaineann leis na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh agus a deimhníodh is déanaí ('na ráitis airgeadais') atá ar fáil an 31 Nollaig de bhliain N-1 (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Samhain 2019, *State Street Bank International*, C-255/18, EU:C:2019:967, mír 42), ar an tuiscint go mbaineann an fhaisnéis sin, dá bhrí sin, leis na ráitis airgeadais ina dtagraítear do bhliain tagartha N-2.

49 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a shonrú, chun ranníocaíocht *ex ante* institiúide a ríomh, go bhfuil faisnéis maidir lena rannpháirtíocht in SCI dlúthnasctha le faisnéis eile atá ina ráitis airgeadais. I gcás ina gcuirfidh BRA táscaire riosca SCI i bhfeidhm, mar shampla, dá bhforáiltear in Airteagal 6(5)(b) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, ní mór dó, *inter alia*, ualú coibhneasta an táscaire riosca 'gníomhaíochtaí trádála agus ceangaltas lasmuigh den chlár comhardaithe, díorthaigh, castacht agus inréiteacht' dá bhforáiltear in Airteagal 6(5)(a) den Rialachán Tarmligthe sin a chur san áireamh, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 7(4) den Rialachán Tarmligthe sin. Mar a d'áitigh BRA gan an t-iarratasóir a chur ina aghaidh, cuirtear an fhaisnéis a bhaineann leis an táscaire riosca sin san áireamh, go ginearálta, i ráitis airgeadais na hinstitiúide lena mbaineann.

50 Dá bhrí sin, i gcás ina nglacann institiúid den sórt sin páirt in SCI le linn bhliain N-1, bíonn an rannpháirtíocht sin i gceist tar éis deireadh a chur leis na ráitis airgeadais a bhaineann le bliain tagartha N-2, atá cinntitheach chun ranníocaíocht *ex ante* na hinstitiúide sin a ríomh, mar is léir ó mhír 45 thuas. Sna himthosca sin, ní féidir an rannpháirtíocht sin in SCI a mheas mar fhaisnéis a bhaineann leis na ráitis airgeadais sin. I gcás den sórt sin, ní faoi BRA atá sé an rannpháirtíocht sin a chur san áireamh agus ranníocaíocht *ex ante* na hinstitiúide sin á ríomh don tréimhse ranníocaíochta lena mbaineann.

51 Ní bhaintear an bonn den chonclúid sin le hargóintí an iarratasóra.

52 Ar an gcéad dul síos, maíonn an t-iarratasóir go bhfuil sé d'oibleagáid ar BRA rannpháirtíocht institiúide in SCI le linn bhliain N-1 a chur san áireamh ar bhonn Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, ós rud é gurb ionann rannpháirtíocht den sórt sin agus athrú ar stádas de réir bhrí na forála sin.

53 Gan é a bheith riachtanach scrúdú a dhéanamh ar an ionann rannpháirtíocht institiúide in SCI agus 'athrú ar stádas' de réir bhrí Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, is leor a thabhairt faoi deara, in aon chás, nach gceanglaítear leis an bhforáil sin ar BRA athrú den sórt sin a bhí i gceist le linn bhliain N-1 a chur san áireamh chun an ranníocaíocht *ex ante* a ríomh don tréimhse ranníocaíochta lena mbaineann.

54 Maidir le hathrú ar stádas institiúide le linn na tréimhse ranníocaíochta, ní fhoráiltear le hAirteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 ach 'nach ndéanfaidh sé difear don ranníocaíocht [*ex ante*] atá dlite don bhliain i dtrácht' [Aistriúchán neamhoifigiúil]. Dá bhrí sin, sonraítear san fhoráil sin nár cheart athrú ar stádas a chur san áireamh chun an ranníocaíocht *ex ante* atá dlite don bhliain chéanna inar tharla an t-athrú sin a ríomh, gan a cheangal, áfach, nach mór an t-athrú sin a chur san áireamh chun an ranníocaíocht *ex ante* atá dlite don bhliain dár gcionn a ríomh.

55 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, ní féidir leis an iarratasóir a mhaoímh go dtugtar úsáid na bhfocal 'an bhliain i dtrácht' le fios go gcaithfear ar bhealach éagsúil leis an mbliain inar tharla an t-athrú ar stádas agus an bhliain dár gcionn.

56 Os rud é go sonraítear in Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 nach ndéanann an t-athrú ar stádas le linn na tréimhse ranníocaíochta difear don ranníocaíocht *ex ante* atá dlite don tréimhse chéanna sin, ní chiallaíonn sé sin, *a contrario*, nach mór é a chur san áireamh don tréimhse ina dhiaidh sin.

57 Ina dhiaidh sin, agus ag glacadh leis gurb ionann rannpháirtíocht institiúide in SCI agus 'athrú ar stádas' de réir bhrí Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, leanann sé ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 4(1) agus Airteagal 14(1) go (3) den Rialachán Tarmligthe sin, mar is léir ó mhíreanna 48 go 50 thuas, nach mór rannpháirtíocht den sórt sin a chur san áireamh más léir ón bhfaisnéis a bhaineann leis na ráitis airgeadais a bhaineann le bliain tagartha N-2.

58 Níl aon rud i bhfoclaíocht Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 a thabharfadh le fios go maolaíonn an fhoráil sin ar an riail sin.

59 Go háirithe, cé gur fíor, mar a thugann an t-iarratasóir le fios, go bhfuil Airteagal 14 de Rialachán Tarmligthe 2015/63 mar chuid de Roinn 3 de, dar teideal 'Gnéithe agus pionóis riaracháin', ní chiallaíonn sé gur cheart a raon feidhme a theorannú do ghnéithe riaracháin de chóras na ranníocaíochtaí *ex ante* amháin. Os a choinne sin, ós rud é go bhforáiltear go sainráite in Airteagal 4(1) den Rialachán sin nach mór do BRA na ranníocaíochtaí *ex ante* a ríomh ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na hinstitiúidí 'i gcomhréir le hAirteagal 14 [de Rialachán Tarmligthe 2015/63]', tá an fhoráil sin ábhartha chun ranníocaíochtaí den sórt sin a ríomh.

60 Ar deireadh, ní féidir go n-éireoidh le hargóint an iarratasóra mura gceadaítear le hAirteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 athrú ar stádas a chur san áireamh le linn na tréimhse ranníocaíochta i ndiaidh na tréimhse inar tharla an t-athrú sin, bheadh an fhoráil sin iomarcach.

61 I ndáil leis sin, is léir ón gcásdlí gurb é is cuspóir d'Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, *inter alia*, aon éiginnteacht maidir le raon feidhme Airteagal 12(1) den Rialachán Tarmligthe sin a sheachaint, sa mhéid a fhoráiltear leis an Rialachán sin do mhaolú ar an bprionsabal gur cheart na ranníocaíochtaí *ex ante* a ríomh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil an 31 Nollaig de bhliain N-1 (breithiúnas an 29 Meán Fómhair 2022, *ABLV Bank* v *BRA*, C-202/21 P, EU:C:2022:734, mír 61).

62 Dá bhrí sin, coimeádtar cuspóir Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 a mhéid a shoiléirítear leis, i dtéarmaí soiléire, an toradh is féidir a thuiscint go hintuigthe cheana féin ó Airteagal 14(1) den Rialachán Tarmligthe sin, eadhon nach féidir le 'hathrú ar stádas' institiúide difear a dhéanamh don ranníocaíocht *ex ante* atá dlite don bhliain i dtrácht.

63 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach gceanglaítear le hAirteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 ar BRA an rannpháirtíocht institiúide in SCI a bhí i gceist i mbliain N-1 a chur san áireamh chun an ranníocaíocht *ex ante* a ríomh.

64 Ar an dara dul síos, ní féidir leis an iarratasóir a mhaoímh go n-eascraíonn oibleagáid den sórt sin as Airteagal 14(5) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, lena bhforáiltear, 'má tá an fhaisnéis nó na sonraí a chuirtear faoi bhráid an údaráis réitigh faoi réir nuashonruithe nó ceartúcháin, cuirfear na nuashonruithe nó na ceartúcháin sin faoi bhráid an údaráis réitigh gan moill mhíchuí'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

65 I ndáil leis sin, ba cheart a shonrú go mbaineann na nuashonruithe dá dtagraítear in Airteagal 14(5) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 leis an bhfaisnéis nó na sonraí arna soláthar ag an institiúid lena mbaineann de bhun Airteagal 14(1) den Rialachán Tarmligthe sin, dá bhrí sin a bhaineann le bliain tagartha N-2. Dá bhrí sin, níl aon rud in Airteagal 14(5) den Rialachán Tarmligthe sin a thugann le fios gurb é is cuspóir don fhoráil sin cead a thabhairt d'institiúid faisnéis a chur faoi bhráid BRA maidir le tréimhse seachas an tréimhse a bhaineann leis na ráitis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 14(1) den Rialachán Tarmligthe sin, eadhon bliain tagartha N-2.

66 Ar an tríú dul síos, ní féidir leis an iarratasóir brath ar Airteagal 17(3) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 chun a dhearbhú go gceanglaítear ar BRA faisnéis a bhaineann le bliain N-1 a chur san áireamh.

67 Foráiltear le hAirteagal 17(3) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, 'nuair a bheidh an fhaisnéis a chuirfidh institiúid faoi bhráid an údaráis réitigh faoi réir athráiteas nó athbhreithnithe, déanfaidh an t-údarás réitigh an ranníocaíocht [*ex ante*] a choigeartú, i gcomhréir leis an bhfaisnéis nuashonraithe, agus ranníocaíocht [*ex ante*] na hinstitiúide sin á ríomh don tréimhse ranníocaíochta ina dhiaidh sin'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

68 Leanann sé ón méid sin, mar a mhaíonn BRA, nach sainítear in Airteagal 17(3) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 ach an tráth óna mbeidh éifeachtaí ag na hathráitis nó ag na hathbhreithnithe dá dtagraítear san fhoráil sin, eadhon le linn na tréimhse ranníocaíochta ina dhiaidh sin. Os a choinne sin, níl sé i gceist leis an bhforáil sin leasú a dhéanamh ar dháta tagartha na faisnéise atá ábhartha chun na ranníocaíochtaí *ex ante* a ríomh, mar a bhunaítear le hAirteagal 14(1) den Rialachán Tarmligthe sin.

69 Ar an gceathrú dul síos, maíonn an t-iarratasóir nach mór ranníocaíochtaí *ex ante* a ríomh ar bhonn 'léargas' na n-institiúidí an 1 Eanáir gach bliain airgeadais, ag brath ar Thuairim an Abhcóide Ghinearálta Campos Sánchez-Bordona sa chás *State Street Bank International* (C-255/18, EU:C:2019:539, mír 71). De réir an iarratasóra, ba cheart, dá bhrí sin, an rannpháirtíocht in SCI lena mbaineann a chur san áireamh agus a ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 á ríomh.

70 I ndáil leis sin, sa chéad áit, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 do dháta amháin, arb é an 31 Nollaig de bhliain N-1, go mbaineann an tagairt sin le hinfhaighteacht na ráiteas airgeadais a úsáidtear chun na ranníocaíochtaí *ex ante* a ríomh. Is gá freisin na ráitis airgeadais atá ar fáil ar an dáta sin a fhormheas agus a dheimhniú go cuí, áfach, rud a chiallaíonn, mar a tugadh faoi deara i mír 45 thuas, go mbaineann na ráitis airgeadais sin le bliain tagartha N-2.

71 Sa dara háit, is cinnte gur léir ó Airteagal 14(4) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, mar a mhaíonn an t-iarratasóir, go bhféadfaidh an institiúid lena mbaineann an fhaisnéis atá mar bhonn do ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta a sholáthar faoin 31 Eanáir de bhliain na tréimhse ranníocaíochta. Mar sin féin, ní dhéanann sé sin difear don chinneadh, a leanann ó mhíreanna 42 go 50 thuas, nach mór baint a bheith ag an bhfaisnéis sin leis na ráitis airgeadais atá ar fáil an 31 Nollaig de bhliain N-1 agus, dá bhrí sin, go mbaineann sí le bliain tagartha N-2.

72 Ar an gcúigiú dul síos, ní mór teacht ar an gconclúid chéanna a mhéid a bhaineann le hargóint an iarratasóra nach figiúr cuntasaíochta a d'fhéadfadh luainiú í rannpháirtíocht institiúide in SCI. Níl cineál luaineach nó statach féideartha na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 14(4) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 ábhartha i bhfianaise fhoclaíocht shoiléir Airteagal 14(1) den Rialachán Tarmligthe sin, ónár léir nach mór go mbaineann an fhaisnéis chun na ranníocaíochtaí *ex ante* a ríomh leis na ráitis airgeadais atá ar fáil an 31 Nollaig de bhliain N-1 agus go mbaineann sí, dá bhrí sin, mar a tugadh faoi deara i mír 45 thuas, le bliain tagartha N-2.

73 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ba cheart a thabhairt faoi deara nach gceanglaítear le hAirteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 ar BRA rannpháirtíocht institiúide in SCI a chur san áireamh chun an ranníocaíocht *ex ante* a ríomh le linn na tréimhse ranníocaíochta i ndiaidh na tréimhse ina raibh an rannpháirtíocht sin i gceist, agus nach gceadaítear dó é sin a dhéanamh, thairis sin.

74 Deimhnítear an chonclúid sin leis an gcuspóir a shaothraítear le córas na ranníocaíochtaí *ex ante*, a bunaíodh le Treoir 2014/59 agus le Rialachán Uimh. 806/2014, agus mar a shonraítear le Rialachán Tarmligthe 2015/63.

75 Mar a tugadh faoi deara i mír 48 thuas, is faoi BRA atá sé na ranníocaíochtaí *ex ante* a ríomh ar bhonn na faisnéise a bhaineann leis na ráitis airgeadais atá ar fáil an 31 Nollaig de bhliain N-1, a bhaineann le bliain tagartha N-2.

76 Dá mbeadh ar BRA rannpháirtíocht uile na n-institiúidí lena mbaineann in SCI le linn bhliain N-1 a chur san áireamh, d'fhéadfaí iontaofacht ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* a dhéanfar an bhliain dár gcionn a chur i mbaol, ós rud é go mbeadh sé d'oibleagáid ar BRA, *inter alia*, an ríomh sin a dhéanamh ar bhonn faisnéise seachas an fhaisnéis a bhaineann leis na ráitis airgeadais sin a formheasadh go cuí. Dá bhrí sin, cuirfí easpa iontaofacht an ríomha sin baint amach an chuspóra atá á shaothrú le córas na ranníocaíochtaí *ex ante* i mbaol, is é sin, faoin 31 Nollaig 2023, 1 % de mhéid thaiscí cumhdaithe na n-institiúidí uile a údaraítear i gcríocha na mBallstát atá rannpháirteach in SRA a bhaint amach ar a laghad (féach, chuige sin agus de réir análaí, breithiúnas an 14 Samhain 2019, *State Street Bank International*, C-255/18, EU:C:2019:967, míreanna 41 agus 43).

77 Ar deireadh, déanann cur san áireamh rannpháirtíocht in SCI i mbliain N-1 difear do chomhsheasmhacht ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* agus d'inchomparáideacht na faisnéise a úsáidtear don ríomh sin. Cé go gcuireann BRA an fhaisnéis a bhaineann le bliain tagartha N-2

san áireamh le haghaidh ríomh den sórt sin, i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 14 de Rialachán Tarmligthe 2015/63 (féach mír 48 thuas), ní mór an fhaisnéis a bhaineann le tréimhse eile a chur san áireamh, eadhon bliain N-1, maidir leis an rannpháirtíocht institiúide in SCI a bhí i gceist i mbliain N-1.

78 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór Airteagal 12(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 a léiriú sa chaoi nach gceadaítear leo do BRA rannpháirtíocht institiúide in SCI in 2018 a chur san áireamh chun a ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh.

– Maidir le dlíthiúlacht Airteagal 12(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 i bhfianaise Airteagal 103(2) agus (7) de Threoir 2014/59

79 Leis an dara saincheist dlí, áitíonn an t-iarratasóir, i gcás nach mór Airteagal 12(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 a léiriú sa chaoi nach gceadaítear rannpháirtíocht institiúide in SCI in 2018 a chur san áireamh chun a ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh, go bhfuil na forálacha sin ar neamhréir le hAirteagal 103(2) agus (7) de Threoir 2014/59.

80 Tá dhá chuid sa dara saincheist dlí, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, sárú ar an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 103(2) agus (7) de Threoir 2014/59, ar dá réir nach mór ranníocaíochtaí *ex ante* a oiriúnú do phróifíl riosca gach institiúide agus, ar an dara dul síos, sárú ar an gcoinníoll a leagtar síos in Airteagal 103(7)(h) de Threoir 2014/59 agus ar dá réir nach mór a chur san áireamh go nglacann institiúid páirt in SCI agus ranníocaíochtaí *ex ante* á shocrú.

81 Déanann BRA agus an Coimisiún agóid i gcoinne na hargóinte sin.

82 Ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir an dá chuid den saincheist seo, ní mór iad a scrúdú le chéile.

83 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, agus na rialacha á shonrú aige maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* leis an bpróifíl riosca a choigeartú le Rialachán Tarmligthe 2015/63, faoi tharmligean na cumhachta dá bhforáiltear in Airteagal 103(7) de Threoir 2014/59, go bhfuil lánrogha leathan ag an gCoimisiún nuair a iarrtar air measúnuithe agus meastóireachtaí casta a dhéanamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Nollaig 2023, *Landesbank Baden-Württemberg* v *BRA*, T-389/21, EU:T:2023:827, míreanna 105 go 111).

84 Is amhlaidh an cás freisin maidir le cumhacht an Choimisiúin na dátaí tagartha a shocrú chun faisnéis atá ábhartha do choigeartú ranníocaíochtaí *ex ante* leis an bpróifíl riosca a chur san áireamh, lena n-áirítear an dáta tagartha chun rannpháirtíocht institiúide in SCI a chur san áireamh.

85 Sa chéad áit, is cuid lárnach é an cinneadh sin den mhodh chun ranníocaíochtaí *ex ante* leis an bpróifíl riosca a choigeartú, lena mbaineann, ina iomláine, measúnuithe agus meastóireachtaí casta (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Nollaig 2023, *Landesbank Baden-Württemberg* v *BRA*, T-389/21, EU:T:2023:827, míreanna 105 go 111).

86 Sa dara háit, ní shonraítear in Airteagal 103(7)(h) de Threoir 2014/59 ach, i gcás ina nglacann an Coimisiún gníomhartha tarmligthe chun a shonrú an coincheap maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* le próifíl riosca na n-instiúidí a choigeartú, nach mór dó a chur san áireamh go nglacann institiúid páirt in SCI, gan a shonrú, áfach, an tráth nach mór rannpháirtíocht den sórt sin a chur san áireamh.

87 Sna himthosca sin, maidir le dátaí tagartha an mhodha chun ranníocaíochtaí *ex ante* a choigeartú faoi Airteagal 103(7) de Threoir 2014/59 agus go háirithe na dátaí tagartha chun rannpháirtíocht institiúide in SCI a chur san áireamh, ní mór athbhreithniú Chúirteanna an Aontais Eorpaigh a theorannú do scrúdú a dhéanamh an bhfuil feidhmiú na lánrogha a thugtar don Choimisiún curtha ó bhail mar gheall ar earráid fhollasach nó ar mhí-úsáid cumhachtaí, nó ar cé acu gur sháraigh nó nár sháraigh an Coimisiún teorainneacha na cumhachta sin go follasach (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Nollaig 2023, *Landesbank Baden-Württemberg* v *BRA*, T-389/21, EU:T:2023:827, mír 112).

88 Dá bhrí sin, is faoin iarratasóir atá sé a léiriú go bhfuil Airteagal 12(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 curtha ó bhail mar gheall ar earráid fhollasach mheasúnaithe nó mí-úsáid cumhachtaí nó gur léir nach gcomhlíontar teorainneacha chumhacht an Choimisiúin.

89 I ndáil leis sin, ba cheart a chur in iúl ar dtús, i Rialachán Tarmligthe 2015/63, gur chuir an Coimisiún rannpháirtíocht na n-institiúidí in SCI san áireamh mar ghné a bhí ábhartha i gcomhthéacs choigeartú na ranníocaíochtaí *ex ante* le próifíl riosca na n-institiúidí.

90 Go háirithe, i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(b) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, eisítear dliteanais áirithe arna gcruthú ag institiúid atá ina ball de SCI ó ríomh na ranníocaíochtaí bunúsacha bliantúla. Thairis sin, cuirtear san áireamh in Airteagal 6(5)(b) agus in Airteagal 7(4)(b) den Rialachán Tarmligthe sin rannpháirtíocht institiúide in SCI chun an ranníocaíocht bhunúsach bhliantúil le próifíl riosca na hinstitiúide a choigeartú.

91 Ina dhiaidh sin, is fíor, i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, go gcuirtear san áireamh i ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* rannpháirtíocht in SCI le haga moille, a chomhfhreagraíonn don tréimhse idir dáta tagartha na ráiteas airgeadais dá dtagraítear san fhoráil sin agus dáta ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante*.

92 Mar sin féin, tá údar leis an gcur chuige sin mar gheall ar an ngá le dáta coiteann a bhunú do na hinstitiúidí uile lena mbaineann lena ligtear comparáid a dhéanamh idir na sonraí agus an fhaisnéis a sholáthraíonn siad chun na ranníocaíochtaí *ex ante* a ríomh. Ar an gcéad dul síos, is léir ó na breithnithe a leagtar amach i mír 75 den bhreithiúnas seo go bhfuil dáta den sórt sin beartaithe, *inter alia*, chun a chur ar chumas BRA na ranníocaíochtaí *ex ante* a ríomh go hiontaofa ar bhonn na ráiteas airgeadais a formheasadh agus, dá bhrí sin, an cuspóir dá dtagraítear sa mhír sin a bhaint amach.

93 Ar an dara dul síos, níl an aga moille dá dtagraítear i mír 91 den bhreithiúnas seo míchuí go follasach ós rud é, i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63, go gcuireann BRA an fhaisnéis a bhaineann leis na ráitis airgeadais a formheasadh agus a deimhníodh is déanaí san áireamh, ionas go bhfuil ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* bunaithe ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an gcéad bhliain dá bhfuil sí ar fáil i bhfoirm a formheasadh agus a deimhníodh (féach mír 45 thuas).

94 Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara nár chuir an t-iarratasóir fianaise eile isteach chun a léiriú go raibh Airteagal 12(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 curtha ó bhail mar gheall ar earráid fhollasach mheasúnaithe nó mí-úsáid cumhachtaí nó gur léir nár comhlíonadh teorainneacha chumhacht an Choimisiúin agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an tráth ba ghá rannpháirtíocht institiúide in SCI a chur san áireamh.

95 Sna himthosca sin, ní mór diúltú do dhara saincheist dlí an iarratasóra.

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 12(2) agus ar Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63

96 Maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, gur sháraigh BRA Airteagal 12(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 trí dhiúltú a rannpháirtíocht sa SCI lena mbaineann in 2018 a chur san áireamh chun an ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh.

97 Déanann BRA agóid i gcoinne na hargóinte sin.

98 Ba cheart a thabhairt faoi deara nár ghlac an t-iarratasóir páirt san SCI lena mbaineann le linn bhliain tagartha N-2, eadhon in 2017, ós rud é nár bunaíodh an SCI sin go dtí 2018.

99 Mar is léir ó mhíreanna 43 go 78 thuas, ní mór Airteagal 12(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 a léiriú sa chaoi nach gceadaítear do BRA rannpháirtíocht an iarratasóra in SCI in 2018 a chur san áireamh chun an ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh.

100 Ní thugtar an conclúid sin faoi cheist le hargóint an iarratasóra go bhfuil faisnéis áirithe sna ráitis airgeadais atá ar fáil dó an 31 Nollaig 2017 a bhaineann le cruthú SCI a bhfuil sé ina chomhalta de agus, dá bhrí sin, ba cheart do BRA iad a chur san áireamh do thréimhse ranníocaíochta 2019.

101 De bhun Airteagal 2(1)(8) de Threoir 2014/59, ní fhéadfaidh BRA a chur san áireamh, chun an ranníocaíocht *ex ante* a ríomh, ach SCIanna atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 113(7) de Rialachán Uimh. 575/2013.

102 Ba cheart a thabhairt faoi deara nach raibh bunú an SCI atá i gceist críochnaitheach go dtí gur dhearbhaigh Banc na Spáinne, i mí an Mhárta 2018, gur chomhlíon an comhaontú maidir le bunú an SCI sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 113(7) de Rialachán Uimh. 575/2013.

103 Sna himthosca sin, ní dhearna BRA earráid dlí toisc nár chuir sé rannpháirtíocht an iarratasóra sa SCI lena mbaineann in 2018 san áireamh chun an ranníocaíocht *ex ante* do thréimhse ranníocaíochta 2019 a ríomh.

104 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí toisc nach bhfuil bunús léi agus ní mór an chaingean ina hiomláine a dhíbhe.

Costais

105 Faoi Airteagal 134(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad sna pléadálacha. Ós rud é nár éirigh leis an iarratasóir, ní mór a ordú dó a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag BRA a íoc, de réir an ordaithe atá á lorg ag BRA.

106 I gcomhréir le hAirteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ordaítear don Choimisiún a chostais féin a íoc.

Ar na forais sin,

dearbhaíonn agus rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Deichiú Dlísheomra Méadaithe)

mar seo a leanas:

1. Díbhtear don chaingean.

2. Ordaítear do Banco Cooperativo Español, SA a chostais féin a íoc, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an mBord Réitigh Aonair (BRA).

3. Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin a íoc.

Kornezov Buttigieg Hesse

Petrlík Spangsberg Grønfeldt

Arna léamh amach i gcúirt oscailte i Lucsamburg, an 22 Eanáir 2025.

[Sínithe]